Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14859/21**

**AGRI 631**
**AGRIFIN 164**
**FIN 971**
**ENV 981**
**CLIMA 441**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14478/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Common Agricultural Policy and climate - Half of EU climate spending but farm emissions are not decreasing*' [An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid - Leath de chaiteachas an Aontais ag an aeráid ach gan líon na n-astaíochtaí feirme ag laghdú]<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2021: 'An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid - Leath de chaiteachas an Aontais ag an aeráid ach gan líon na n-astaíochtaí feirme ag laghdú'*

a ghlac an Chomhairle ag an 3838ú cruinniú a bhí aici, an 12 Nollaig 2021.

## Conclúidí ón gComhairle

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid - Leath de chaiteachas an Aontais ag an aeráid ach gan líon na n-astaíochtaí feirme ag laghdú'***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2021 ón gCúirt dar teideal 'An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid - Leath de chaiteachas an Aontais ag an aeráid ach gan líon na n-astaíochtaí feirme ag laghdú', ina ndéantar measúnú ar thionchar Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) an Aontais ar astaíochtaí gás ceaptha teasa;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte agus na moltaí a thug sí don Choimisiún darb ábhar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnáil na talmhaíochta, chomh maith le hastaíochtaí ó ithreacha orgánacha saothraithe draenáilte, a laghdú, agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún measúnú rialta a dhéanamh ar an méid a chuireann CBT le maolú an athraithe aeráide; MEABHRAÍTEAR DI go gcuidíonn CBT freisin le príomhchuspóirí eile a bhaint amach maidir le bithéagsúlacht, cáilíocht an uisce agus an aeir, agus maidir le riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go príomha a dhírítear ar an talmhaíocht i gcinntí na Cúirte; CREIDEANN SÍ, áfach, gur cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh agus anailís á déanamh ar earnáil na talmhaíochta agus ar mhaolú an athraithe aeráide: an gá atá le bia-ábhar leordhóthanach inacmhainne, agus tionchar an athraithe aeráide agus tionchar an daonra mhéadaithigh á chur san áireamh; an tionchar a d'fhágfaí ar gheilleagar, ar phoist agus ar shlí bheatha na gceantar tuaithe dá laghdófaí líon na mbeostoc; an tionchar a d'fhágfaí ar leibhéal an táirgthe agus ar an neamhthuilleamaíocht dá laghdófaí líon na leasachán a úsáidtear; agus na héifeachtaí a bhíonn ag 'sceitheadh carbóin', i gcás ina n-athlonnaítear táirgeadh i dtríú tíortha, a fhágann go dtagann méadú ar allmhairí lena ngabhann costais fhoriomlána níos airde ar an gcomhshaol;

4. MEABHRAÍTEAR DI gur tháinig cobhsú ar astaíochtaí talmhaíochta tar éis 2010, gur mhéadaigh an táirgeacht ag an am céanna, agus gur tháinig laghdú ar astaíochtaí in aghaidh an aonaid táirge ach ADMHAÍONN SÍ nach mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun uaillmhian an Aontais maidir le laghdú astaíochtaí a bhaint amach; MEABHRAÍONN SÍ gur príomhchuspóir de chuid CBT é infhaighteacht soláthairtí bia a áirithiú agus nach féidir le táirgeadh talmhaíochta deireadh iomlán a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, amhail na hastaíochtaí a eascraíonn as próisis bhitheolaíocha talmhaíochta (e.g. gás meatáin ó athchogantaigh);

5. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh ar gach earnáil den gheilleagar dlús a chur lena gcuid iarrachtaí más uathu spriocanna aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach; TÁ SÍ AG SÚIL go rannchuideoidh CBT go mór i ndáil leis an méid sin trí – i measc nithe eile – astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bheostoc, leasacháin, agus ó ithreacha carbónsaibhre a laghdú, agus an bhithéagsúlacht agus slí bheatha na tuaithe a chaomhnú ag an am céanna, agus tríd an mbrú ar cháilíocht an uisce a laghdú agus trí bhia ardchaighdeáin a chur ar fáil;

6. MEABHRAÍTEAR DI go leagfar amach i bPleananna Straitéiseacha faoi CBT, a chlárthréimhse nua faoi CBT, an chaoi a mbeidh an ailtireacht ghlas *inter alia* atá beartaithe sna pleananna sin ina cuidiú le cuspóirí comhaontaithe CBT, arna socrú ar leibhéal an Aontais, a bhaint amach; MEABHRAÍTEAR DI FREISIN go n-áirítear ar na cuspóirí sin cineál feirmeoireachta níos inbhuanaithe a bhaint amach agus gealltanais comhshaoil agus aeráide an Aontais a chur chun feidhme;

7. MEABHRAÍONN SÍ go bhfeabhsaítear an choinníollacht sa CBT don tréimhse 2023-2027 agus go gcumhdaítear léi gach íocaíocht dhíreach, maidir le cosaint tailte portaigh agus bogach freisin**;** Thairis sin, MEABHRAÍONN SÍ go leithdháilfear 25 % de na híocaíochtaí díreacha ar éiciscéimeanna nua agus go ndéanfar 35 % den bhuiséad forbartha tuaithe a imfhálú do ghníomhú ar son na haeráide agus don chomhshaol;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ag eatraimh iomchuí ar éifeacht CBT agus ar thionchar na dtosca eile sin a spreagann astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le maolú ar an athrú aeráide, agus na tuarascálacha ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme a bPleananna Straitéiseacha á gcur san áireamh.